Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**12312/1/25**
**REV 1**

| | |
|---|---|
| **ECOFIN 1115** | **EF 272** |
| **CADREFIN 156** | **TELECOM 272** |
| **CODEC 1177** | **IA 111** |
| **COMPET 823** | **CULT 92** |
| **RECH 366** | **AUDIO 73** |
| **ENER 414** | **INDEF 88** |
| **TRANS 349** | **COARM 152** |
| **ENV 780** | **CONOP 50** |
| **EDUC 344** | |
| ***ECB*** | ***EIB*** |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3802 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 3.11.2025<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3802 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 3802 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.11.2025
C(2025) 3802 final/2

ADDENDUM
This document corrects document C(2025) 3802 final of 28.8.2025.
Concerns all language versions.
Insertion of the reference to the linked Staff Working Document SWD(2025) 820 final.
The text shall read as follows:

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3.11.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU**

{SWD(2025) 820 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sa Pháipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[1] leagtar amach plean le haghaidh Thionscnamh ReArm Europe 2030, ar pacáiste cosanta é lena soláthraítear luamháin airgeadais do na Ballstáit chun borradh infheistíochta i gcumais chosanta a spreagadh. I measc phríomhspriocanna an phlean tá an gnó a dhéanamh níos éasca agus an Margadh Aonair a dhoimhniú. Tá sé práinneach dlús a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta Eorpach láidir leordhóthanach ag an Eoraip faoi 2030 ar a dhéanaí. Ar bhonn na réamh-mheastachán maidir le glacadh de réir a chéile na n-ionstraimí atá beartaithe faoin bPlean ReArm Europe, d'fhéadfadh infheistíocht cosanta EUR 800 billiún ar a laghad a bhaint amach sna 4 bliana amach romhainn. An 6 Márta 2025, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint den obair go pras maidir leis an gcreat dlíthiúil agus riaracháin a shimpliú, a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí, comhar na hearnála tionsclaíochta, ceanglais maidir le ceadanna a thabhairt agus maidir le tuairisciú, chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na scrogaill uile a chuireann bac ar bhorradh tapa a chur faoin tionscal cosanta. Tá an leasú spriocdhírithe sin ar an Rialachán Tarmligthe maidir le treoirlínte InvestEU ina chuid den iarracht sin maidir le soiléiriú agus simpliú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chun cosaint na hEorpa a atógáil is gá infheistiú ollmhór a dhéanamh thar thréimhse fhada, infheistiú poiblí agus príobháideach araon. De bhun Airteagal 8(9) de Rialachán (AE) 2021/523, d'ullmhaigh an Coimisiún an leasú seo ar na treoirlínte infheistíochta san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 i ndlúthchomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha.

Bhí an próiseas comhairliúchán in 2025 cuimsitheach, agus mar gheall ar an gcomhairliúchán sin bhí seirbhísí an Choimisiúin in ann sonraí, fianaise agus moltaí a bhailiú ó na Ballstáit, ón earnáil tionsclaíochta agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le bacainní dlíthiúla, rialála agus riaracháin lena gcuirtear srian ar chumas thionscal cosanta na hEorpa an táirgeadh a uas-scálú le solúbthacht fheabhsaithe chun ullmhacht cosanta a bhaint amach faoi 2030, lena n-áirítear sa chiste InvestEU.

I gcomhréir le hAirteagal 34(1) de Rialachán InvestEU, chuathas i gcomhairle le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus le comhpháirtithe cur chun feidhme ionchasacha eile de chuid chiste InvestEU le linn an phróisis. Chuir comhpháirtithe cur chun feidhme i dtábhacht a dheacra atá sé na teorainneacha a fhorchuirtear faoi láthair ar infheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta a chur chun feidhme. Is é is aidhm do na leasuithe ar na treoirlínte infheistíochta a mhol an Coimisiún aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tarraingíodh aníos agus ar na moltaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin seo.

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe de chuid na mBallstát le linn an phróisis chun an rialachán leasaitheach seo a dhréachtú i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le

[1] Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030 : JOIN/2025/120 final, 19.3.2025.

reachtóireacht níos fearr[2]. Bhí líon barúlacha teoranta dírithe ar raon feidhme chur i bhfeidhm na dteorainneacha. Measann an Coimisiún gur cumhdaíodh an tsaincheist sin agus, dá bhrí sin, níor moladh aon leasú ina leith sin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is modhnú spriocdhírithe é an leasú seo ar na treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU atá i bhfoirm iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU a leagan amach.

---

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj)

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3.11.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017[3], agus go háirithe Airteagal 8(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chlár InvestEU tacú le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí beartais an Aontais a leagtar amach in Airteagail 3 agus 8 de Rialachán (AE) 2021/523 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis a ghnóthú. Tá sé d'aidhm ag na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta sin tacú le forbairt an tionscail cosanta, i measc nithe eile, chun rannchuidiú le huathriail straitéiseach an Aontais.

(2) De bhun Airteagal 14(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/523, tá oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoi gach ceann de na hionuithe beartais dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán sin le bheith comhsheasmhach leis na treoirlínte infheistíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún[4] (na 'treoirlínte infheistíochta' atá ann faoi láthair), agus bunaithe ar Airteagal 8(3) agus (10) de Rialachán (AE) 2021/523. I gcás infheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta, leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta sin teorainneacha i ndáil le faighteoirí deiridh arna rialú ag tríú tír nó ag eintitis tríú tír agus faighteoirí deiridh a bhfuil a mbainistíocht feidhmiúcháin lasmuigh den Aontas acu d'fhonn slándáil an Aontais agus na mBallstát a chosaint.

(3) Leis an bPáipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[5] cuirtear i dtábhacht an gá práinneach atá le feabhas a chur ar rochtain cuideachtaí atá bunaithe san Aontas ar chaipiteal, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, ionas gur féidir leo a réitigh a thabhairt ar scála tionsclaíoch agus an borradh tionsclaíoch a spreagadh atá an tAontas ag iarraidh a bhaint amach. Is léir go bhfuil an spéis atá ag an earnáil airgeadais sa chosaint ag méadú. Mar sin féin, tá an earnáil cosanta fós ina margadh nach ndéantar freastal ceart air mar gheall ar theorainneacha i mbeartais infheistíochta institiúidí airgeadais poiblí agus príobháideacha. Tá sé

[3] IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj.

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach na treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU (IO L 234, 2.7.2021, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1078/oj).

[5] JOIN/2025/120 final, 19.3.2025.

ríthábhachtach leas a bhaint as acmhainneacht iomlán InvestEU chun tacú leis an earnáil cosanta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

(4) Ar bhonn an aiseolais a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, trí chomhairliúchán poiblí agus comhairliúcháin spriocdhírithe le comhpháirtithe cur chun feidhme InvestEU agus leis na Ballstáit, is cosúil go bhféadfadh na teorainneacha a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha bac a chur ar úsáid chiste InvestEU chun tacú leis an earnáil cosanta. Dá bhrí sin, ba cheart an modhnú spriocdhírithe a dhul chun tairbhe do na treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair chun iad a oiriúnú go hiomlán do shainiúlachtaí InvestEU, mar atá, ráthaíocht bhuiséadach a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach. Leis na hathruithe atá beartaithe, éascófar cur chun úsáide InvestEU chun tacú leis an earnáil cosanta, agus an tráth céanna coinneofar coimircí leordhóthanacha ar bun le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/523.

(5) Déantar raon feidhme na n-infheistíochtaí straitéiseacha sa chosaint atá faoi réir teorainneacha a shainmhíniú sna treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair mar theicneolaíochtaí cosanta agus táirgí cosanta a shainaithnítear sa chlár oibre bliantúil don Chiste Eorpach Cosanta. Cruthaíonn an sainmhíniú sin castacht agus éiginnteacht dhlíthiúil nach bhfuil gá léi mar gheall ar chineál athraitheach chlár oibre an Chiste Eorpaigh Cosanta. Ba cheart an raon feidhme sin a chuíchóiriú trí thagairt a dhéanamh d'infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí cosanta agus i dtáirgí a fhorbraítear go príomha le haghaidh feidhmeanna míleata. Leis an simpliú sin chuirfí feabhas ar an intuarthacht do chomhpháirtithe cur chun feidhme InvestEU agus d'idirghabhálaithe airgeadais trí mhodheolaíocht shoiléir a sholáthar dóibh chun a shainaithint an bhfuil faighteoirí deiridh faoi réir na dteorainneacha a bhaineann le tríú tíortha, lena n-áirítear soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil feidhm ag na teorainneacha sin maidir le teicneolaíochtaí a bhfuil feidhmeanna cosanta agus sibhialta acu (teicneolaíochtaí dé-úsáide).

(6) Ceanglaítear leis na treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair, chun bheith incháilithe, go léireoidh eintiteas arna rialú ag tríú tír nó ag eintitis tríú tír go bhfuil ráthaíocht formheasta ag an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/697 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta[6]. Níl an fhoráil sin saincheaptha do shainiúlachtaí InvestEU agus cuirtear srian léi ar chur chun úsáide an chistithe. Ráthaíochtaí arna bhformheas ag Ballstát faoi chlár cosanta a fuair ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, is cosúil gur leor iad chun slándáil an Aontais agus a Bhallstát a chosaint i gcomhthéacs Chiste InvestEU. Níor cheart a cheangal ach ar eintitis nach bhfuil in ann na critéir sin a chomhlíonadh ráthaíocht a chur isteach go sonrach i gcomhthéacs oibríocht InvestEU. Is é is aidhm don leasú sin soiléiriú a dhéanamh ar chur chun feidhme chiste InvestEU chun tacú le heintitis atá bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag eintitis neamh-AE. Féadfaidh na ráthaíochtaí sin, de réir mar a bheidh, a bheith ag brath ar bhearta maolaithe arna bhforchur ag an mBallstát, nó ar bhearta maolaithe a théann chun tairbhe an Bhallstáit a dhéanann scagadh ar éadáil rialaithe na

[6] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta (IO L 170, 12.5.2021, lgh. 149–177).

n-eintiteas dlítheanach sin a dhéanann tríú tír eile nó eintiteas tríú tír eile, de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/452[7].

(7) Leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair, i gcás infheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta, go mbaineann na teorainneacha maidir le rialú na bhfaighteoirí deiridh lena soláthróirí agus lena bhfochonraitheoirí freisin. Níl an raon feidhme leathan sin oiriúnaithe don chineál maoinithe a sholáthraítear faoi InvestEU agus d'fhéadfadh sé bac a chur ar úsáid chistiú InvestEU trí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a fhorchur. Chun próiseas riaracháin chistiú InvestEU a shimpliú agus chun a áirithiú go mbeidh na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh chistiú InvestEU saincheaptha d'ionstraimí maoinithe fiachais agus cothromais, ba cheart an tagairt do sholáthróirí i gcás rialú a dhéanann tríú tíortha a bhaint de na treoirlínte infheistíochta.

(8) Leis na teorainneacha a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha, cuirtear srian nach bhfuil gá leis ar incháilitheacht eintiteas atá bunaithe i dtríú tíortha comhlachaithe nó atá á rialú ag tríú tír chomhlachaithe nó ag eintitis tríú tír chomhlachaithe. Chun cóir chomhionann a áirithiú le heintitis atá bunaithe san Aontas agus i dtríú tíortha atá comhlachaithe le Clár InvestEU, agus chun an prionsabal le haghaidh eintitis incháilithe a leagtar amach sa Chiste Eorpach Cosanta chomh maith le cláir chosanta eile ina bhfuil an tAontas ina ranníocóir airgeadais a ailíniú, ba cheart na treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair a oiriúnú chun a áirithiú go gcuirfear teorainneacha i bhfeidhm i ndáil le heintitis arna mbunú nó arna rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó eintitis tríú tír neamhchomhlachaithe.

(9) De bhun na dtreoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair, suas le 5 bliana tar éis dháta eisíocaíocht deiridh an mhaoinithe, ní féidir le faighteoirí deiridh infheistíochtaí straitéiseacha cosanta cearta maoine intleachtúla a cheadúnú ná a aistriú go heisiach chuig teicneolaíochtaí criticiúla gaolmhara agus teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach chun leas slándála fíor-riachtanach an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, ar teicneolaíochtaí iad a eascraíonn go díreach as na hinfheistíochtaí straitéiseacha sin chuig tríú tíortha nó chuig eintitis tríú tír, mura rud é gur fhormheas an Ballstát ina bhfuil an faighteoir deiridh bunaithe an ceadúnú nó an t-aistriú sin. Mar gheall ar chur chun feidhme na forála sin, cruthaítear dúshláin mhóra agus scrogaill mhóra sna Ballstáit agus, dá bhrí sin, cuirtear bac ar úsáid InvestEU chun tacú leis an gcosaint trína cheangal ar na Ballstáit cineálacha nua rialaithe a chur chun feidhme, de bhreis ar na sásraí atá ann cheana, mar shampla, chun earraí míleata a onnmhairiú nó infheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh. Chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin, ba cheart na treoirlínte infheistíochta atá ann faoi láthair a mhodhnú chun a áirithiú go mbeadh tairbhithe faoi réir sásraí rialaithe atá ann cheana arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit ina bhfuil siad bunaithe, agus faoi réir na sásraí sin amháin, agus go gcumhdófaí an oibríocht mhaoiniúcháin agus infheistíochta le ráthaíocht an Aontais an tráth céanna.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/1078 a leasú dá réir,

---

[7] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3.11.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin*
*Andrius KUBILIUS*
*Comhalta den Choimisiún*